2025/426

28.2.2025

CINNEADH (AE) 2025/426 ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Feabhra 2025

maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 88, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], déantar foráil gur féidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn, *inter alia*, comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

(2) An 15 Bealtaine 2023, thug an Chomhairle údarás don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht le Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle chun teacht ar chomhaontú maidir le sonraí pearsanta a mhalartú idir Europol agus údaráis na Brasaíle atá inniúil as coireacht thromchúiseach agus sceimhlitheoireacht a chomhrac.

(3) Tugadh i gcrích go rathúil an chaibidlíocht maidir leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu ('an Comhaontú') agus cuireadh inisealacha le téacs an Chomhaontaithe an 18 Deireadh Fómhair 2024.

(4) Leis an gComhaontú bunaítear caidreamh comhoibritheach idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle, agus ceadaítear leis sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a aistriú eatarthu, d'fhonn an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

(5) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina hiomláine Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena n-áirítear an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Europol faoin gComhaontú a chosaint.

(6) Ní dhéanann an Comhaontú difear d'aistriú sonraí pearsanta nó cineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus tá sé gan dochar don aistriú sin.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim 2/2025 uaidh an 10 Feabhra 2025.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart an Comhaontú a shíniú,

[1] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, déantar síniú an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu a údarú thar ceann an Aontais, faoi réir thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe thuasluaite ([2]).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 24 Feabhra 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. SIEKIERSKI

([2]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.